Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Aibreán 2022
(OR. en)

7992/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0103(NLE)**

UK 68
IXIM 82
JAI 466

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Aibreán 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 158 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh tá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i leith Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann i ndáil leis an gcinntiúchán faoi Airteagal 540(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, faoin dáta óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagail 530, 531, 534 agus 536 den Chomhaontú sin a sholáthar don Ríocht Aontaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 158 final.

Faoi iamh: COM(2022) 158 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.4.2022
COM(2022) 158 final

2022/0103 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh tá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i leith Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann i ndáil leis an gcinntiúchán faoi Airteagal 540(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, faoin dáta óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagail 530, 531, 534 agus 536 den Chomhaontú sin a sholáthar don Ríocht Aontaithe**


GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le cinneadh ón gComhairle, chun go mbeidh an tAontas in ann dearbhú a dhéanamh lena leagtar amach an dáta óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta a bhaineann le próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha a sholáthar don Ríocht Aontaithe, i gcomhréir le hAirteagal 540(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (dá ngairtear 'an Ríocht Aontaithe' anseo feasta), den pháirt eile (dá ngairtear 'an Comhaontú Trádála agus Comhair' anseo feasta).

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. TCA

Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair (dá ngairtear 'TCA' anseo feasta), leagtar síos an bonn le haghaidh caidreamh leathan idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, laistigh de limistéar rathúnais agus dea-chomharsanúlachta, caidreamh arb é is príomhthréith dó dlúthchaidreamh síochánta atá bunaithe ar chomhar agus a dhéanann neamhspleáchas agus ceannasacht na bPáirtithe a urramú. Cuireadh i bhfeidhm go sealadach é ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021.

Déanann TCA foráil maidir le comhar idir na Páirtithe i dtaca le comparáid uathoibrithe a dhéanamh idir próifílí DNA, sonraí dachtalascópacha agus sonraí clárúcháin feithicle. Ní fhéadfar tús a chur leis an gcomhar sin, áfach, go dtí go mbeidh sé fíoraithe ag an Aontas gur chomhlíon an Ríocht Aontaithe na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 539 TCA agus in Iarscríbhinn 39 a ghabhann leis. Tar éis cuairt mheastóireachta a thabhairt ar an Ríocht Aontaithe an 24 agus 25 Samhain 2021, tháinig foireann meastóireachta an Aontais Eorpaigh ar an gconclúid ina cuid tuarascálacha go ndéanann an comhar leis an Ríocht Aontaithe maidir le próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha na ceanglais ábhartha a chomhlíonadh. Cuireadh na tuarascálacha sin faoi bhráid na Comhairle an 17 Márta 2022.

Níor chuir an Ríocht Aontaithe in iúl go dtí seo go bhfuil sí réidh le dul faoi mheastóireacht maidir le sonraí clárúcháin feithicle.

### 2.2. An gníomh atá beartaithe ag an Aontas

In Airteagal 540(2) TCA, foráiltear go gcinnfidh an tAontas an dáta óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta a sholáthar don Ríocht Aontaithe de bhun Theideal II ('Malartuithe DNA, méarloirg agus sonraí clárúcháin feithicle'), ar bhonn tuarascáil mheastóireachta fhoriomlán ar an gcuairt mheastóireachta agus, i gcás inarb infheidhme, ar thriail phíolótach.

De bhun Iarscríbhinn 39 a ghabhann le TCA, cinnfidh an Chomhairle, ar bhonn meastóireachta, ar chomhlíon an Ríocht Aontaithe na coinníollacha is gá maidir le malartú uathoibrithe sonraí. Beidh an cinneadh le bunú ar thuarascáil mheastóireachta fhoriomlán ina mbeidh achoimre ar thorthaí ceistneora ábhartha, cuairte meastóireachta agus, i gcás inarb infheidhme, trialach píolótaí.

Beidh an cinneadh sin ina cheangal, faoin dlí idirnáisiúnta, ar an Ríocht Aontaithe trí bhíthin dearbhú aontaobhach ón Aontas, mar atá soiléir ó Airteagal 540(2) TCA. Ní mór fógra a thabhairt don Ríocht Aontaithe faoin dhearbhú aontaobhach ón Aontas.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

### 3.1. Cúlra

A bhuí le TCA, is féidir oibriú i gcomhar maidir le comparáid uathoibrithe a dhéanamh idir próifílí DNA, méarloirg agus sonraí clárúcháin feithicle. Chun leas a bhaint as na féidearthachtaí sin, bhí ar an Ríocht Aontaithe dul faoi mheastóireacht ar dtús.

Tar éis cuairt mheastóireachta a thabhairt ar an Ríocht Aontaithe an 24 agus 25 Samhain 2021, tháinig foireann meastóireachta an Aontais Eorpaigh ar an gconclúid ina cuid tuarascálacha go ndéanann an comhar leis an Ríocht Aontaithe maidir le próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha na ceanglais ábhartha a chomhlíonadh. Cuireadh na tuarascálacha sin faoi bhráid na Comhairle an x Márta 2022 agus is éard a rinneadh leis na tuarascálacha sin, an bealach a réiteach don Chomhairle é a ligean don Aontas dearbhú a dhéanamh go bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta maidir le próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha a sholáthar don Ríocht Aontaithe, sonraí dá dtagraítear in Airteagal 540(2) TCA.

### 3.2. An seasamh atá á bheartú

I bhfianaise an mhéid thuas, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún XXXXX a shocrú mar an dáta óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta maidir le próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha dá dtagraítear in Airteagail 530, 531, 534 agus 536 den Chomhaontú Trádála agus Comhair a sholáthar don Ríocht Aontaithe.

Le linn di bheith ina ball den Aontas, bhí an Ríocht Aontaithe rannpháirteach sa mhalartú próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha idir na Ballstáit, i gcomhréir le Cinntí 2008/615/CGB[1] agus 2008/616/CGB[2] ón gComhairle. Chun bearna a sheachaint sa chomhar leanúnach maidir le próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha, déanann TCA foráil maidir le tréimhse eatramhach inar féidir leis na Ballstáit na sonraí sin a sholáthar don Ríocht Aontaithe, ar feitheamh thoradh na meastóireachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 540(1) TCA. Mhair an tréimhse eatramhach sin go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 ar dtús agus cuireadh síneadh léi go dtí an 30 Meitheamh 2022 le cinneadh ón gCoiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach an 28 Meán Fómhair 2021[3]. Ní fhéadfar síneadh breise a chur léi, áfach. Dá bhrí sin, maidir leis an dearbhú aontaobhach is gá, beidh ar an Aontas an dearbhú sin a dhéanamh faoin 30 Meitheamh 2022 chun bearna sa chomhar leanúnach a sheachaint.

---

[1] Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 1).

[2] Cinneadh 2008/616/CGB an 23 Meitheamh 2008 ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 12).

[3] Cinneadh Uimh. 1/2021 ón gCoiste Speisialaithe arna bhunú le hAirteagal 8(1)(r) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, an 28 Meán Fómhair 2021 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 540(3) ar lena linn is féidir próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha a mhalartú leis an Ríocht Aontaithe [2021/1946] (de bhun Riail 9(2) d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Comhaontú Trádála agus Comhair, déanfaidh an Rúnaíocht aon chinneadh nó aon mholadh a thaifead faoi shraithuimhir agus le tagairt don dáta a glacadh é.) (IO L 397, 10.11.2021, lch. 32).

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Na prionsabail*

In Airteagal 218(9) CFAE déantar foráil maidir le cinntí lena leagfar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*'

Áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear orthu freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[4].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Foráiltear le hAirteagal 540(1) agus (2) TCA, i gcás ina mbeidh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 539 TCA agus in Iarscríbhinn 39 a ghabhann leis comhlíonta ag an Ríocht Aontaithe, go socróidh an tAontas an dáta nó na dátaí óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta maidir le próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha a sholáthar don Ríocht Aontaithe. Cé gur gníomh aontaobhach ón Aontais é an cinntiúchán sin agus nach gníomh é atá le glacadh ag aon cheann de na comhlachtaí arna mbunú ag TCA, beidh éifeachtaí dlíthiúla aige mar sin féin. Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais is bun leis an gcinntiúchán sin a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE, arna chur i bhfeidhm de réir analaí.

Tá éifeachtaí dlíthiúla an dearbhaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta agus tagann siad go hiomlán ar an Aontas, mar pháirtí in TCA. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 3(2) CFAE, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas i leith an ábhair sin.

Cinntiúchán an dáta ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 540(2) TCA, ní chiallaíonn sin go ndéanfar creat an chomhaontaithe sin a fhorlíonadh ná a leasú.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Na prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile a shainaithint mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí éagsúla á saothrú leis san am céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna éagsúla ann, ar cuspóirí nó comhpháirteanna iad a bhfuil dlúthnasc doscartha eatarthu gan aon cheann acu a bheith teagmhasach le hais an ceann eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na bunúis dlí chomhfhreagracha áirithe a áireamh sa bhunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE.

---

[4] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Le cinntiúchán an dáta nó na ndátaí dá dtagraítear in Airteagal 540(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, saothraítear cuspóirí i réimse na cosanta sonraí agus an chomhair póilíneachta agus tá comhpháirteanna ann a bhaineann leis an réimse sin.

Dá bhrí sin, is iad Airteagail 16(2) agus 87(2)(a) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

Tá an Comhaontú Trádála agus Comhair ina cheangal ar na Ballstáit uile de bhua Chinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle[5], Cinneadh a bhfuil Airteagal 217 CFAE ina bhunús dlí substainteach aige.

**4.3. Conclúid**

Ba cheart Airteagail 16(2) agus 87(2)(a) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina mbunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

5 Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála maidir le faisnéis rúnaicmithe a mhalartú agus a chosaint, IO L 149, 30.4.2021, lch. 2.

2022/0103 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh tá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i leith Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann i ndáil leis an gcinntiúchán faoi Airteagal 540(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, faoin dáta óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagail 530, 531, 534 agus 536 den Chomhaontú sin a sholáthar don Ríocht Aontaithe**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) agus Airteagal 87(2), pointe (a), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála maidir le faisnéis rúnaicmithe a mhalartú agus a chosaint[6],

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (dá ngairtear 'an Riocht Aontaithe' anseo feasta) den pháirt eile[7] ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'), déantar foráil maidir le comhar cómhalartach idir údaráis fhorfheidhmithe dlí inniúla na mBallstát, ar thaobh amháin, agus an Ríocht Aontaithe, ar an taobh eile, maidir le comparáid uathoibrithe a dhéanamh ar phróifílí DNA, sonraí dachtalascópacha agus sonraí clárúcháin feithicle. Mar réamhriachtanas don chomhar sin, ní mór don Ríocht Aontaithe na bearta cur chun feidhme is gá a dhéanamh ar dtús agus ní mór don Aontas meastóireacht a dhéanamh uirthi.

(2) Ar bhonn tuarascáil mheastóireachta fhoriomlán, ina mbeidh achoimre ar thorthaí ceistneora ábhartha, cuairte meastóireachta agus, i gcás inarb infheidhme, trialach píolótaí, cinnfidh an tAontas an dáta nó na dátaí óna bhféadfaidh na Ballstáit na sonraí sin a sholáthar don Ríocht Aontaithe de bhun an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair.

(3) I litir dar dáta an 23 Iúil 2021, chuir an Ríocht Aontaithe in iúl don Choimisiún, tríd an gCoiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach, go

[6] IO L 149, 30.4.2021, lch. 2.
[7] IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

raibh na hoibleagáidí a fhorchuirtear faoi Theideal II de Chuid 3 den Chomhaontú Trádála agus Comhair curtha chun feidhme aici i leith próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha. Rinne an Ríocht Aontaithe dearbhuithe agus ainmniúcháin freisin i gcomhréir le hAirteagal 22 de Chaibidil 0 d'Iarscríbhinn 39 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair agus chuir sí in iúl go raibh sí réidh le dul faoi mheastóireacht i gcomhair malartú sonraí idir an Ríocht Aontaithe agus na Ballstáit maidir le próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha.

(4) An 14 Deireadh Fómhair 2021, chuir an Coimisiún ceistneoirí a bhain le malartú uathoibrithe próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha ar aghaidh chuig an Ríocht Aontaithe. Chuir an Ríocht Aontaithe a cuid freagraí ar na ceistneoirí sin ar fáil don Choimisiún an 8 Samhain 2021. Cuireadh na freagraí sin ar fáil don fhoireann meastóireachta, agus cuireadh iad faoi bhráid Mheitheal na Comhairle um Malartú Faisnéise CGB agus faoi bhráid Mheitheal na Comhairle um an Ríocht Aontaithe an 11 Samhain 2021.

(5) I gcomhréir le Caibidil 4 d'Iarscríbhinn 39 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, chinn an Chomhairle, an 9 Samhain 2021, nach raibh gá le triail phíolótach i leith próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha.

(6) An 24 agus 25 Samhain 2021, rinneadh meastóireacht ar an Ríocht Aontaithe maidir le próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha a chuardach agus a chur i gcomparáid le chéile. I ndáil le cur chun feidhme comparáide uathoibrithe próifílí DNA agus an tsreafa faisnéise a bhaineann leis sin, ba é ba chonclúid don tuarascáil mheastóireachta maidir le próifílí DNA, bunaithe ar thoradh na meastóireachta *ex ante*, gur féidir a mheas gur cuireadh an cur chun feidhme sin i gcrích go rathúil sa Ríocht Aontaithe, ar an leibhéal dlíthiúil agus ar an leibhéal teicniúil araon. I ndáil le cur chun feidhme an fheidhmchláir uathoibrithe sonraí dachtalascópacha agus an tsreafa faisnéise uathoibrithe maidir le sonraí dachtalascópacha a bhaineann leis sin, ba é ba chonclúid don tuarascáil mheastóireachta maidir le sonraí dachtalascópacha, bunaithe ar thoradh na meastóireachta *ex ante*, gur féidir a mheas gur cuireadh an cur chun feidhme sin i gcrích go rathúil sa Ríocht Aontaithe, ar an leibhéal dlíthiúil agus ar an leibhéal teicniúil araon.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 5 de Chaibidil 4 d'Iarscríbhinn 39 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, cuireadh na tuarascálacha meastóireachta faoi bhráid na Comhairle an 17 Márta 2022, tuarascálacha ina bhfuil achoimre ar thorthaí na gceistneoirí agus na cuairte meastóireachta.

(8) Ós rud é gur chomhlíon an Ríocht Aontaithe na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 539 den Chomhaontú Trádála agus Comhair agus in Iarscríbhinn 39 a ghabhann leis, ba cheart don Aontas, de bhun Airteagal 540(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, an dáta nó na dátaí a chinneadh óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta maidir le próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha dá dtagraítear in Airteagail 530, 531, 534 agus 536 den Chomhaontú Trádála agus Comhair a sholáthar don Ríocht Aontaithe. Ba cheart don Aontas an seasamh sin a chur in iúl don Ríocht Aontaithe sa Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach.

(9) Tá an Comhaontú Trádála agus Comhair ina cheangal ar na Ballstáit uile de bhua Chinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle, Cinneadh a bhfuil Airteagal 217 CFAE ina bhunús dlí substainteach aige.

(10) Tá an Danmhairg agus Éire faoi cheangal ag Airteagal 540 den Chomhaontú Trádála agus Comhair de bhua Chinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle agus dá bhrí sin tá siad rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo lena gcuirtear an Comhaontú Trádála agus Comhair chun feidhme,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh a chuirfear in iúl thar ceann an Aontais i leith an dáta nó na ndátaí óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta maidir le próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha dá dtagraítear in Airteagail 530, 531, 534 agus 536 den Chomhaontú Trádála agus Comhair a sholáthar don Ríocht Aontaithe, beidh an seasamh sin bunaithe ar an dréachtdearbhú aontaobhach ón Aontas atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Seasamh an Aontais arna bhunú in Airteagal 1, cuirfear in iúl don Ríocht Aontaithe é sa Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach.

*Airteagal 3*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*